# An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

# Aircraft Noise Competent Authority



## Tuarascáil Bhliantúil 2019


Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Clár an Ábhair

**RÉAMHRÁ**

Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach - Leathanach 3

**AN FHOIREANN** - Leathanach 4

**CAD É A DHÉANAIMID**

An Comhthéacs Reachtaíochta - Leathanach 5

Measúnú ar Staid an Torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath - Leathanach 5

Próiseas an Mheasúnaithe agus Cur i bhFeidhm an Chuir Chuige Cothrom - Leathanach 6

An Measúnú ar Iarratais Phleanála san Aerfort - Leathanach 6

An Mhonatóireacht ar Bhearta Maolaithe Torainn agus ar Shrianta Oibriúcháin - Leathanach 6

Cur Chuige Cothrom - Leathanach 6

**AN MÉID A RINNEAMAR LE LINN 2019**

Stiúrthóireacht ar leith curtha i mbun - Leathanach 7

Soláthar Poiblí déanta i dtaca le Seirbhísí Speisialaithe - Leathanach 7

An Measúnú ar Iarratais Phleanála san Aerfort - Leathanach 7

Seisiúin chomhairliúcháin réamhphleanála - Leathanach 7

Scéim Inslithe Torainn - Leathanach 7

An Rialáil maidir le Tobhach Aerfoirt - Leathanach 7

Bearta a Bhaineann le Torann - Leathanach 7

**AG FÉACHAINT AMACH ROMHAINN AR CAD ATÁ I NDÁN DÚINN IN 2020**

Measúnú ar Staid an Torainn ag an Aerfort - Leathanach 8

Rannpháirtíocht Leanúnach sa Phróiseas Pleanála Reachtúil - Leathanach 8

Scéim Inslithe Torainn - Leathanach 8

Na Rialacháin a Fhoilsiú - Leathanach 8

Oiliúint agus Forbairt na Foirne - Leathanach 8

**RÁITEAS AIRGEADAIS** - Leathanach 9

**DÉAN TEAGMHÁIL LINN** - Leathanach 10

**TUILLEADH EOLAIS** - Leathanach 11

-

# Réamhrá

## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach

Rinneadh Comhairle Contae Fhine Gall a ainmniú mar an tÚdarás Inniúil chun críocha torann aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a rialú san Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019 (Acht 2019). Le hAcht 2019, tá tuilleadh éifeachta tugtha do Rialachán (AE) 598/2014, rialachán a bhaineann le haerfoirt a bhfuil níos mó ná 50,000 gluaiseacht aerárthaí sibhialta ag baint leo in aghaidh na bliana féilire. Is é Aerfort Bhaile Átha Cliath an t-aon aerfort in Éirinn atá incháilithe leis, de réir an choinníll sin.

In 2019 bunaíodh an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí i gcomhréir leis an reachtaíocht agus faoin am seo tá na hacmhainní agus an saineolas go léir atá riachtanach i bhfeidhm. Ceanglaítear le hAlt 3 d'Acht 2019 go bhfuil an Príomhfheidhmeannach neamhspleách i gcomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis Inniúil. Tá an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (ANCA) bunaithe agam mar Stiúrthóireacht neamhspleách ar leith laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall chun cabhrú liom na feidhmeanna atá agam a chomhlíonadh. Faigheann an tÚdarás Inniúil tacaíocht ó shaineolaithe speisialta nuair is gá lena chinntiú go gcomhlíonann sé na feidhmeanna atá aige de réir na gcaighdeán is airde agus de réir rialacha agus nósanna imeachta Acht 2019.

Tá beartas Rialtas na hÉireann i ndáil leis an earnáil eitlíochta léirithe sa Bheartas Náisiúnta Eitlíochta d'Éirinn 2015-2019, lena ndéantar beartas eitlíochta idirnáisiúnta a thrasuí i gcomhthéacs Éireannach.

Tá an méid suntasach a chuireann earnáil na heitlíochta le forbairt eacnamaíoch na hÉireann aitheanta sa bheartas seo agus athdhearbhaíonn sé prionsabal an chur chuige chothrom i leith bainistíocht torainn aerárthaí chun a chinntiú go leanfaidh an earnáil ag fás go sábháilte ar bhealach atá sábháilte, inbhuanaithe ó thaobh na heacnamaíochta de agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.

Tugtar aitheantas le Rialachán AE 598/2014, atá mar bhonn le hAcht 2019, gur chóir forbairt inbhuanaithe



aeriompair a chothromú trí bhearta a thabhairt isteach atá dírithe air go laghdófar an tionchar torainn ó aerárthaí chun cáilíocht beatha na saoránach comharsanachta a chothabháil nó a mhéadú.

Táthar ag deimhniú go bhfuil an tÚdarás Inniúil réidh chun Acht 2019 a chur i bhfeidhm leis an dul chun cinn atá déanta in 2019 agus is ar bhealach neamhchlaonta trédhearcach a dhéanfar amhlaidh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Údaráis as a dtacaíocht agus an díograis atá léirithe acu, agus as an obair dhian atá déanta acu in 2019.

**AnnMarie Farrelly**
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Fhine Gall
Márta 2020

# An Fhoireann

Is é Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall a fheidhmíonn feidhmeanna reachtúla ANCA mar fheidhm fheidhmiúcháin, agus baill foirne ainmnithe ag tabhairt cúnamh dó chun a chuid dualgas a chomhlíonadh.

Tá rochtain ag ANCA ar shaineolas speisialaithe ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimse na heitlíochta, na fuaime, na timpeallachta agus na pleanála de réir mar is gá ó am go ham chun cúnamh a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach agus leis an bhfoireann ainmnithe measúnuithe a dhéanamh agus príomhchinntí a dhéanamh a bhaineann le feidhmeanna ANCA.

Tá ceathrar ball foirne sannta do ANCA ar bhonn lánaimseartha faoi láthair na huaire, agus is iad sin:
Stiúrthóir Seirbhísí
Innealtóir Sinsearach
Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach
Riarthóir

Fuarthas soláthróirí seirbhísí tacaíochta speisialaithe de réir an tsoláthair phoiblí, lena n-áirítear:

1. Seirbhísí saineolaithe torainn eitlíochta, cuireadh ar fáil ag Noise Consultants UK Ltd., a bhfuil tacaíocht tugtha ag a gcuid fochonraitheoirí:
    - Acustica Ltd.
    - Rupert Taylor Ltd.
    - Trax International Ltd.
    - Nicholas Pearson & Associates

2. Seirbhísí dlí curtha ar fáil ag A&L Goodbody

3. Tá seirbhísí GIS curtha ar fáil ag Compass Informatics Ltd.




**Joe Mahon,** Innealtóir Sinsearach | **Angela Dullaghan,** Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach | **Gilbert Power,** Stiúrthóir Seirbhísí | **Aideen Meagle,** Riarthóir

# Cad é a Dhéanaimid

## An Comhthéacs Reachtach

Rinneadh Comhairle Contae Fhine Gall a shannadh mar an tÚdarás Inniúil le haghaidh rialachán torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath tar éis don Aire Iompair, Turasóireachta & Spóirt Cuid 1 d'Acht 2019 a achtú ar an 14 Meitheamh 2019. Rinne an Príomhfheidhmeannach an t-aonad a bhunú mar Stiúrthóireacht ar leith laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall - an tÚdarás Inniúil Aerárthaí (ANCA).

Fuair ANCA údarás feidhmiúcháin iomlán nuair a d'achtaíodh na codanna eile d'Acht 2019, an 1 Meán Fómhair 2019. Tugann an tAcht éifeacht bhreise do Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 an AE (an Rialachán um Thorann Aerárthaí) le foráil bhreise a dhéanamh chun torann aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a rialáil. Cuimsítear le hAcht 2019:


- Forálacha chun an torann aerárthaí a rialáil ag an Aerfort
- Ceanglas ar ANCA a chinntiú go ndéantar measúnú ar staid an torainn ag an Aerfort agus go nglacfar leis an gCur Chuige Cothrom nuair a aithnítear fadhb torainn
- Leasuithe leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, lena ndéantar foráil d'iarratais phleanála a bheith tarchurtha chuig ANCA ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun tionchar torainn aerárthaí a mheas
- An cumas atá ag ANCA chun bearta maolaithe torainn atá ann cheana féin a leasú nó chun cinn nua a chur i bhfeidhm agus / nó srianta oibriúcháin chun dul i ngleic leis an torann aerárthaí ó Aerfort Bhaile Átha Cliath mar is cuí
- Tréimhse comhairliúcháin phoiblí 14 seachtaine sula ndéanann ANCA cinneadh rialála críochnúil
- An Bord Pleanála a ainmniú mar an Comhlacht Achomhairc maidir le haon chinneadh rialála a dhéanann ANCA
- Foráil a dhéanamh go ndéanfaidh ANCA a chostais oibriúcháin a aisíoc ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (daa).
- Foráil a dhéanamh don mhonatóireacht agus don fhorfheidhmiú leanúnach ar fheidhmiú bearta maolaithe torainn agus srianta oibriúcháin ag an Aerfort.
- Fógra foirmiúil a thabhairt don Choimisiún Eorpach sula dtabharfar isteach srian oibriúcháin nua.

## Measúnú ar an Staid Torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

Tá ANCA freagrach as go ndéanfar cinnte de go ndéantar an torann a ghineann aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mheas de réir reachtaíocht an AE agus reachtaíocht na hÉireann agus go gcuirtear cur chuige cothrom maidir le bainistíocht torainn aerárthaí i bhfeidhm nuair a aithnítear fadhb maidir leis an torann ag an Aerfort.

Ní féidir le gníomhartha atá forordaithe ag ANCA a bhaineann leis an torann faoi Acht 2019 a bheith níos sriantaí ná mar is gá chun an sprioc a bhaint amach maidir leis an laghdú torainn ag an Aerfort. Ní féidir srianta oibriúcháin a chur i bhfeidhm mar chéad rogha, caithfidh bearta eile sa Chur Chuige Chothrom a bhreithniú ar dtús.

Ba chóir go ndéanfaí iarracht leis an mbainistíocht torainn an leas is fearr is féidir don chomhshaol a bhaint amach.



# Cad é a Dhéanaimid

## An Próiseas Chun an Cur Chuige Cothrom a Mheasúnú agus a Chur i bhFeidhm

Tá scéimlíne ghinearálta den phróiseas leagtha amach ag seo thíos. Féach na Codanna ábhartha den Acht 2019 maidir leis na riachtanais reachtúla a bhaineann leis an bpróiseas, mura miste, toisc go bhféadfar iad a bheith athraithe, ag brath ar an gcaoi a gcuirtear tús leis an bpróiseas.

## Measúnú ar Iarratais Phleanála ag an Aerfort

Déanann an tÚdarás Pleanála iarratais phleanála ag an Aerfort a tharchur chuig ANCA chun measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil aon impleachtaí maidir le torann aerárthaí a bhaineann le feidhmeanna ANCA faoin Acht 2019 nó nach bhfuil. Ceadaítear do bhaill foirne de chuid ANCA freastal ar chruinnithe réamhphleanála de réir mar is gá.


## Monatóireacht a Dhéanamh ar Bhearta Maolaithe agus Srianta Oibriúcháin maidir leis an Torann

De réir Acht 2019, ceanglaítear ar ANCA monatóireacht a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar:

(a) chomhlíonadh na mbeart maolaithe agus na srianta oibriúcháin maidir leis an torann, agus

(b) thabhairt isteach aon srianta oibriúcháin nua.

Ceanglaítear ar ANCA athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart maolaithe torainn agus na srianta oibriúcháin (más ann dóibh) chun an cuspóir laghdaithe torainn a bhaint amach. Níl cuspóir laghdaithe torainn don Aerfort sainmhínithe faoi láthair. Déanfaidh ANCA tuilleadh scrúdaithe ar fhorbairt chuspóra laghdaithe torainn leis an bpróiseas rialála faoin Acht 2019 agus tá sé sin beartaithe le tarlú in 2020.




## CUR CHUIGE COTHROM

Is gníomhaireacht speisialaithe de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), a bunaíodh in 1944 chun riarachán agus rialachas an Choinbhinsiúin um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Chicago) a bhainistiú. Oibríonn ICAO i gcomhar leis na 193 Ballstát agus le grúpaí tionsclaíochta de chuid an Choinbhinsiúin chun teacht ar chomhaontú maidir le caighdeáin eitlíochta sibhialta idirnáisiúnta agus maidir le cleachtais agus beartais mholta chun tacú le hearnáil eitlíochta sibhialta a chur i bhfeidhm atá sábháilte, éifeachtúil, slán, inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de agus atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.

Is é an Cur Chuige Cothrom maidir le Bainistiú Torainn Aerárthaí beartas uileghabhálach an ICAO maidir le torann aerárthaí, ina bhfuil sonraí faoi na tosca go léir is féidir a úsáid chun laghduithe torainn a bhaint amach.

Cuirtear an Cur Chuige Cothrom i bhfeidhm nuair atá fadhb thorainn aitheanta ag aerfort agus is éard atá i gceist leis ná anailís a bheith déanta ar bhearta éagsúla atá ar fáil chun an torann a laghdú, gur féidir iad a rangú ina gceithre phríomhghné mar atá déanta ag seo thíos.

Is é an sprioc atá ann ná aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna torainn ar bhonn an aerfoirt aonair agus na bearta a bhaineann le torann a shainaithint a bhainfidh an leas is fearr as an gcomhshaol is éifeachtaí ó thaobh costais de, trí úsáid a bhaint as critéir atá oibiachtúil agus intomhaiste.

Is iad na ceithre phríomhghné den Chur Chuige Cothrom maidir leis Bainistiú Torainn Aerárthaí ná:

1. An Torann a Laghdú ag an bhFoinse
2. An Phleanáil Úsáid Talún a Bhainistiú
3. Nósanna Imeachta Oibriúcháin um an Laghdú Torann
4. Srianta Oibriúcháin

# Cad a Rinneamar in 2019

## Bunaíodh Stiúrthóireacht ar leith

Bunaíodh Stiúrthóireacht ar leith (ANCA), a oibríonn díreach faoin Phríomhfheidhmeannach, i bhFine Gall chun cuidiú léi a feidhmeanna faoi Acht 2019 a chomhlíonadh. Sannadh ceathrar ball foirne don Stiúrthóireacht, agus cuireadh oiliúint ábhartha ar fáil.

## Soláthar Poiblí Seirbhísí Speisialaithe

Fuarthas sainseirbhísí le haghaidh seirbhísí eitlíochta, fuaime, timpeallachta, dlí agus GIS.

## Measúnú ar Iarratais Phleanála

Ón 1 Meán Fómhair 2019 ar aghaidh, déanann an Rannóg Pleanála iarratais phleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a atreorú chuig ANCA chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar féideartha atá ag torainn aerárthaí.

Is féidir go mbeidh iarratais phleanála le haghaidh forbartha beartaithe ag an aerfort nó chun na srianta oibriúcháin atá ann cheana féin san Aerfort a athrú nó a chúlghairm.

Féadfaidh ANCA a chinneadh go bhfuil gá ann le measúnú níos mionsonraithe a dhéanamh ar ghníomhartha athbhreithnithe nó nua a bhaineann le torann.

Amhail deireadh 2019, bhí trí iarratas pleanála curtha faoi bhráid ANCA ag an údarás pleanála le measúnú a dhéanamh orthu faoin tionchar torainn aerárthaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Tá tuairiscí ANCA maidir leis na hiarratais seo ar fáil ar láithreán gréasáin ANCA ag www.fingal.ie/aircraftnoiseca/.

## Comhairliúcháin réamhphleanála

Glacann ANCA páirt freisin i gcomhairliúcháin ábhartha réamhphleanála atá ag an údarás pleanála chun breithniú cuí ar thionchair fhéideartha aerárthaí a spreagadh in aon iarratas a thagann ina dhiaidh sin.

## Scéim Inslithe Torainn

Éilítear ar ANCA faoi Alt 20(3) d'Acht 2019 a chinntiú go mbaineann Scéim Inslithe Torainn Aerfort Bhaile Átha Cliath le gach uile theach atá suite laistigh de na teoranta torainn ábhartha. Tá ANCA tar éis faisnéis ábhartha a iarraidh ó daa maidir leis seo, agus tá an fhaisnéis sin faighte acu. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an bhfaisnéis seo in 2019, agus tá sé sin fós ar siúl.

## An Rialáil maidir le Tobhach Aerfoirt

Ullmhaíodh Rialacháin (Tobhach 1) 2019 faoin Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, (I.R. Uimh. 590 de 2019) le linn 2019, agus foilsíodh iad an bhliain sin freisin. Leagadh é faoi bhráid an dá Theach de chuid an Oireachtais i mí na Samhna 2019. Forordaítear an "Tobhach Aerfoirt" sna rialacháin seo, tobhach a ghearrtar ar daa chun costais oibriúcháin ANCA a chlúdach.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TORANNGHAOLMHARA

Is éard is gníomhaíocht atá bainteach le torann ann aon bheart a bhfuil sé mar aidhm aige an timpeallacht torainn thart ar aerfort a theorannú nó a mhéadú. Go háirithe, is iad nósanna imeachta oibríochtúla agus srianta oibríochtúla chun torann a laghdú an dá cholún den Chur Chuige Cothrom maidir le bainistiú torainn aerárthaí.

Beart a chuireann teorainn le nó a chuireann feabhas ar an timpeallacht torainn thart ar aerfort, gan srian a chur le rochtain d'aerárthaí, is ea é nós imeachta oibríochtúil chun torann a laghdú.

I measc na samplaí ar nósanna imeachta chun torann a laghdú tá:

- Bealaí tosaíochta torainn.
- Oibriúchánrúidbhealaí tosaíochta.
- Nósanna imeachta ar leith maidir le bealach isteach agus bealach amach aerárthaí a mhéid is mó is féidir gan tionchar a imirt ar shábháilteacht.

Is éard is srian oibriúcháin aon bheart a chuireann srian le rochtain ar nó a laghdaíonn an acmhainn oibríochta atá ag aerfort. I measc na samplaí ar shrianta oibriúcháin tá:

- Uasteorainn ghluaiseachta.
- Cuótaí torainn.
- Cuirfiúnna.

# Ag Féachaint Amach Romhainn Ar Cad Atá I Ndán Dúinn In 2020

## Measúnú ar an Staid Torainn ag an Aerfort

Beidh sé seo mar chuspóir tosaíochta ag ANCA do 2020.

Is féidir le ANCA an measúnú a thionscnamh nó féadfar go mbeadh sé éigeantach i ndáil le hiarratais phleanála áirithe a bhaineann leis an Aerfort.

Tar éis an mheasúnaithe, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach Cuspóir Laghdaithe Torann don Aerfort a shainiú agus an Cur Chuige Cothrom a chur i bhfeidhm mar chuid de phróiseas rialála faoin Acht 2019.

## Rannpháirtíocht Leanúnach sa Phróiseas Pleanála Reachtúil

Leanfaidh ANCA ar aghaidh le measúnú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha na n-aerárthaí ar iarratais phleanála ag an Aerfort le linn 2020.

Déanfaidh ANCA gach iarratas ábhartha a phróiseáil laistigh de na tréimhsí reachtúla atá luaite in Acht 2019 agus foilseofar cinntí ina leith ar shuíomh gréasáin ANCA.

## Scéim Inslithe Torainn

Tá ANCA ag tabhairt faoi athbhreithniú ar Scéim Inslithe Torainn Aerfort Bhaile Átha Cliath lena chinntiú go mbaineann sé le gach teach atá suite laistigh de na teorainneacha torainn ábhartha, mar a éilítear in Alt 20(3) d'Acht 2019. Meastar go dtabharfar an próiseas sin chun críche go luath i 2020.

## Foilsiú na Rialachán


Ullmhófar rialacháin chun costais 2020 ANCA a aisghabháil ó daa, agus foilseofar iad.

## Oiliúint agus Forbairt na Foirne

Leanfar ar aghaidh le hoiliúint agus forbairt na foirne lena n-áirítear teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí ábhartha eile chun a chinntiú go mbeidh an obair a dhéanann ANCA bunaithe ar an dea-chleachtas.



# Ráiteas Airgeadais




Ordaíonn Alt 5 d'Acht 2019 go ndéanfaidh ANCA na costais a thabhaítear i gcomhlíonadh a fheidhmeanna ón daa a aisíoc ar bhonn míosúil, débhliantúil nó bliantúil, tríd an rialáil.

Ceanglaítear ar ANCA a chinntiú go gcoinnítear na costais a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna a laghad agus is féidir agus nach bhfuil siad iomarcach.

Tugtar forbhreathnú ar chaiteachas ANCA do 2019 i gCairt Miondealú Costais an Údaráis Inniúil.



# Téigh i dTeagmháil Linn

Cuirfidh ANCA an caighdeán seirbhíse is airde is féidir ar fáil do pháirtithe leasmhara le cúirtéis, íogaireacht agus dóibh siúd a théann i mbun teagmhála linn chomh tapa agus is indéanta.

Déanfaidh ANCA na luachanna seo a leanas a chur in iúl sna hidirghníomhaíochtaí a dhéanaimid le daoine aonair, le heagraíochtaí, le comhlachtaí reachtúla agus rialála agus le páirtithe leasmhara eile agus sinn ag déanamh ár bhfeidhmeanna gus ár n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh:

- An Chothroime
- An Saineolas
- An Comhoibriú
- An Ghairmiúlacht
- An Trédhearcacht
- An Neamhspleáchas
- An Chuntasacht

## Ar an Teileafón:

Má dhéanann tú teagmháil linn ar an nguthán, déanfaimid:

- Gach iarracht do cheist a fhreagairt láithreach bonn Mar sin féin, sa chás nach féidir linn é sin a dhéanamh, breacfaimid síos do chuid sonraí agus rachfar ar ais i dteagmháil leat chun freagra a thabhairt duit chomh luath agus is féidir.
- A mhíniú duit, sa chás gur gá dúinn do ghlaoch a chur ar aghaidh chuig ball foirne eile, cad ba chúis leis sin. Cuirfimid ainm an duine sin, chomh maith leis an réimse oibre lena mbaineann sé, ar fáil duit agus cinnteoimid go n-aistreofar do ghlao i gceart.
- Gach uile teachtaireacht glórphoist a fhreagairt go pras.
- Ní dhéanfaimid glaonna a atreorú chuig áiseanna glórphoist ach amháin sa chás go bhfuil an duine ábhartha gafa le glao eile nó sa chás nach bhfuil sé ar fáil / i láthair.

## Le Teagmháil Scríofa, lena n-áirítear ríomhphoist

Imá scríobhann tú chugainn, déanfaimid:

- Gach comhfhreagras scríofa a admháil laistigh de 3 lá oibre.
- Gach iarracht freagra iomlán a thabhairt laistigh de 15 lá oibre, nuair is féidir.
- Cinnte de go bhfuil ainm teagmhála i ngach freagra scríofa, chomh maith le huimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist chun an comhfhreagras a éascú ar bhealach a oireann duitse.

## Faisnéis ghinearálta agus comhairliúchán/ foilseacháin

Foilsíonn ANCA faisnéis i rith na bliana. Déanfaimid cinnte de go mbeidh an fhaisnéis go léir a chuirfimid amach soiléir, tráthúil agus cruinn. Tá gach príomhfhoilseachán agus na príomhshonraí teagmhála go léir ar fáil ar ár láithreán gréasáin: https://www.fingal.ie/aircraft-noise-ca

## An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Déanfaidh ANCA faisnéis phearsanta a chosaint, úsáidfear í ar bhealach cóir agus dlíthiúil agus cuirfear ar fáil í nuair a iarrtar cóip uirthi. Má tá faisnéis phearsanta duine ar leith mícheart, tá siad i dteideal a iarraidh go gceartófaí an fhaisnéis sin.

## Iarrataí ar Fhaisnéis

Tá ANCA tiomanta d'fhaisnéis atá á choimeád aige a chur ar fáil a luaithe is féidir. Foilseoimid tuarascálacha ar ár suíomh gréasáin i bhfriotal soiléir, agus míneofar aon téarmaí teicniúla nach féidir iad a sheachaint, agus freagrófar d'iarrataí ar fhaisnéis trí aon cheann de na bealaí teagmhála atá luaite ag deireadh na tuarascála seo.

Féadfar faisnéis a iarraidh go foirmiúil faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise ó:
An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise
Halla an Chontae, Sord
Fine Gall, Co. Bhaile Átha Cliath
Teileafón: (01) 890 5162
Ríomhphost: foi@fingal.ie

Sa chás nach féidir faisnéis iarrtha a nochtadh, fad is atá próiseas reachtúil ar siúl, mar shampla, míneoidh ANCA na cúiseanna leis sin agus féadfar go mbeidh sé in ann dáta iarchurtha a chur ar fáil chun aon taifid a coinníodh siar a nochtadh.

## Sonraí Teagmhála an Údaráis Inniúil um Thorann Aerárthaí

| | |
|---|---|
| **TEILEAFÓN:** | 01 890 5998 |
| **RÍOMHPHOST:** | aircraftnoiseca@fingal.ie |
| **UAIREANTA OSCAILTE:** | Luan - Déardaoin: 9am - 5pm<br>Dé hAoine: 9am - 4:30 pm |
| **SEOLADH:** | An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí,<br>Comhairle Contae Fhine Gall<br>Halla an Chontae, An Phríomhshráid,<br>Sord<br>Co Bhaile Átha Cliath K67 X8Y2. |

# Faisnéis Bhreise

**AN TÚDARÁS INNIÚIL UM THORANN AERÁRTHAÍ**
https://www.fingal.ie/aircraft-noise-ca

**CUARDACH PLEANÁLA FHINE GALL**
https://www.fingal.ie/view-or-search-planning-applications

**AN TACHT UM THORANN AERÁRTHAÍ (AERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH) A RIALÁIL, 2019**
https://www.oireachtas.ie/en/bills/bill/2018/130/

**RIALACHÁN (AE) UIMH. 598/2014**
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32014R0598

**CUR CHUIGE COTHROM ICAO I LEITH NA BAINISTÍOCHTA TORANN AERÁRTHAÍ**
https://www.icao.int/environmental-protection/Pages/noise.aspx

**PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA MAIDIR LEIS AN TORANN D'AERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH CHOMHAIRLE CHONTAE FHINE GALL 2019-2023**
https://www.fingal.ie/council/service/noise-action-plan-consultation

**ÚABÁC - PLEAN BAINISTÍOCHTA MAIDIR LEIS AN TORANN SAN AERPORT 2018**
https://www.dublinairport.com/docs/default-source/airport-noise/dublin-airport-noise-management-plan.pdf?sfvrsn=c8e73047_2

**GEARÁIN FAOI THORANN AERÁRTHAÍ**
https://www.dublinairport.com/about-us/-community-affairs/noise-complaint

An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

Aircraft Noise Competent Authority

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN ÚDARÁIS INNIÚIL UM THORANN AERÁRTHAÍ 2019

Arna hullmhú de réir cheanglais Alt 3 (9)(c)(i) agus 3(9)(c)(ii) den Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019.